**Ábhar**

Trína iarratas bunaithe ar Airteagal 278 agus Airteagal 279 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí ar fionraí forghníomhú Chinneadh Cur Chun Feidhme C(2022) 3253 final ón gCoimisiún an 13 Bealtaine 2022, lena ndeonaítear údarú margaíochta faoin Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle d'fhúmaráit démheitil Polpharma – fúmaráit dé-mheitil mar tháirge íocshláinte lena úsáid ag an duine.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don iarratas ar bhearta eatramhacha.

2) Forchoimeádtar na costais.

---

**Ordú Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 4 Lúnasa 2022 – Biogen Netherlands v an Coimisiún**

**(Cás T-278/22 R)**

***(Nós imeachta eatramhach – Táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine – Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 – Údarú margaíochta a dheonú d'fhúmaráit démheitil Neuraxpharm – fúmaráit dé-mheitil – Iarratas ar oibriú ordaithe a fhionraí – Easpa práinne)***

(2022/C 398/32)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Biogen Netherlands BV (Badhoevedorp, an Ísiltír) (ionadaí: C. Schoonderbeek, Dlíodóir)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: L. Haasbeek agus A. Sipos, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Trína iarratas bunaithe ar Airteagal 278 agus Airteagal 279 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí ar fionraí forghníomhú Chinneadh Cur Chun Feidhme C(2022) 3254 final ón gCoimisiún an 13 Bealtaine 2022, lena ndeonaítear údarú margaíochta faoin Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle d'fhúmaráit démheitil Neuraxpharm – fúmaráit dé-mheitil mar tháirge íocshláinte lena úsáid ag an duine.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don iarratas ar bhearta eatramhacha.

2) Forchoimeádtar na costais.

---

**Ordú Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 4 Lúnasa 2022 – Biogen Netherlands v an Coimisiún**

**(Cás T-279/22 R)**

***(Bearta eatramhacha – Táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine – Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 – Údarú margaíochta a dheonú d'fhúmaráit démheitil Mylan – fúmaráit dé-mheitil – Iarratas ar oibriú ordaithe a fhionraí – Easpa práinne)***

(2022/C 398/33)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Biogen Netherlands BV (Badhoevedorp, an Ísiltír) (ionadaí: C. Schoonderbeek, Dlíodóir)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: L. Haasbeek agus A. Sipos, i gcáil Gníomhairí)

## Ábhar

Trína iarratas bunaithe ar Airteagal 278 agus Airteagal 279 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí ar fionraí forghníomhú Chinneadh Cur Chun Feidhme C(2022) 3252 final ón gCoimisiún an 13 Bealtaine 2022, lena ndeonaítear údarú margaíochta faoin Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle d'fhúmaráit démheitil Mylan – fúmaráit dé-mheitil mar tháirge íocshláinte lena úsáid ag an duine.

## An chuid oibríochtúil

1) Diúltaítear don iarratas ar bhearta eatramhacha.

2) Forchoimeádtar na costais.

---

**Caingean arna tabhairt an 21 Iúil 2022 – Ryanair v an Coimisiún**

**(Cás T-458/22)**

(2022/C 398/34)

*Teanga an cháis: an Béarla*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Ryanair DAC (Sord, Éire) (ionadaithe: E. Vahida, F.-C. Laprévote, V. Blanc, D. Pérez de Lamo agus S. Rating, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach

## An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh (AE) [2002/763] ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 C(2021) 9941 final maidir le Státchabhair SA.60165 (2021/C, ex 2021/N) a bhfuil sé beartaithe ag an bPortaingéil í a chur chun feidhme le haghaidh TAP SGPS [1] a chur ar neamhní

— a ordú don Choimisiún Eorpach na costais a íoc.

## Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir naoi saincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear nach mbunaítear incháilitheacht TAP.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an Coimisiún Eorpach earráid fhollasach mheasúnaithe maidir le léiriú ar an mbaol cur isteach ar sheirbhís thábhachtach agus maidir le ról sistéamach TAP.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear nach mbunaítear leis an gcinneadh go bhfuil an plean athstruchtúraithe an plean athstruchtúraithe réadúil, comhleanúnach agus forleathan agus go bhfuil sé oiriúnach chun inmharthanacht fhadtéarmach TAP a thabhairt ar ais gan bheith ag brath ar Státchabhair bhreise laistigh de thréimhse ama réasúnta.

4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear nach mbunaítear leis an gcinneadh an gá le haghaidh idirghabháil Stáit, agus a héifeacht dreasachta (i.e. mainneachtain comparáid a chur ar fáil le cás malartach inchreidte nach mbaineann Státchabhair leis agus a bhunú go bhfuil roghanna margaidh go léir ídithe ag TAP).

5. An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear nach mbunaítear oiriúnacht na cabhrach leis an gcinneadh.

6. An séú saincheist dlí lena n-éilítear nach mbunaítear comhréireacht na cabhrach leis an gcinneadh.